# Scoileanna Caitliceacha: An Gnáthshaol, Glaoite Chun na Naofachta

## 18–24 Eanáir 2026

## Rang 5 & Rang 6/P7

# Snáithaonaid – Leibhéal 4

## LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

### Urnaí

- Is éard is urnaí ann ná gaol pearsanta le Dia a chothú (*Catechism of the Catholic Church* [*CCC*], 2558, 2565).
- Is éard is urnaí ann ná an croí is an meon a thabhairt do Dhia, nó an dea-ábhar a lorg uaidh (*CCC*, 2559, 2562–3).
- Is éard is urnaí mhachnamhach ann ná guí chiúin ghrámhar a dhéanamh i láthair Dé.
- Bíonn tionchar ag ár gcuid urnaí ar ár meon agus ar ár gcuid gníomhartha (*CCC*, 2725).

## AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

### Saoirse an Duine & Freagracht

- Cuireann Dia glao orainn agus táimid saor le freagra a thabhairt (glao).

### Láithreacht Chaoin Chabhrach Dé

- Déanann na Críostaithe an mhaith toisc gur ceart é a dhéanamh agus toisc go ngráimid Íosa (CCC, 1828).
- Cabhraíonn luachanna agus teagasc Íosa linn na roghanna cearta a dhéanamh.

### Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Múineann Íosa dá lucht leanúna go gcaithfear meas, comhbhá agus caoinfhulaingt a léiriú i leith chách.

## AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

### Rúndiamhair Dé

- Bíonn grá Dé buan, síoraí, gan reacht. (Ís 54:8; Iar 31:3; CCC, 220).
- Maireann Dia inár gcroí istigh: 'Mar is ann a mhairimid, a ghluaisimid agus atáimid (Gn. 17:28; CCC 300).

### An Bheatha Shíoraí

- Leanfaidh gach aon mhaitheas atá ar domhan ar neamh. Cuireann gach aon ghníomh atá caoin, cineálta, a fhreastalaíonn ar dhaoine eile, le tógáil na ríochta.

### Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta

- Rinne an Eaglais naoimh as daoine áirithe (Ís 54:8; Iar 31:3; CCC, 220). Toisc go rabhadar sár-naofa agus gur deimhin go bhfuil siad ar neamh agus toisc gur eiseamláirí na naofachta dúinne iad (CCC, 2683).
- Na Naoimh: Fiosraigh N Bríd, N Pádraig, N Vincent De Paul agus rogha de na daoine seo, nó a leithéidí: N Catherine Siena, N Teresa d'Avila, N Joan d'Arc, N Beinidict (éarlamh na hEorpa), N Peadar, N Pól, N Maximilian Kolbe, N Padre Pio, N Teresa Benedicta na Croise (Edith Stein), chomh maith le daoine eile a léirigh luachanna Críostaí ina gcuid oibre, m.sh. Rosa Parks, Dorothy Day, Nano Nagle, daoine naofa agus naoimh áitiúla.

# An Luan: Glaoite Chun na Naofachta trí Urnaí

'Iarraigí agus tabharfar daoibh; lorgaígí agus gheobhaidh sibh; buailigí agus osclófar daoibh.' (Lúcás 11:9)

**Smaoinigh**

Cuirtear tús leis an naofacht trí ghaol a chothú le Dia. Foghlaimeoidh na páistí gurb í an urnaí fuil bheatha an chaidrimh sin – ó chuimhneacháin chiúine go moladh lúcháireach, ó phaidreacha foirmiúla go focail phearsanta a roinntear le hÍosa. Is féidir leis an urnaí cabhrú linn in amanna deacrachta, cabhrú linn ár n-intinn a chiúnú agus ár gcairdeas le Dia a dhoimhniú. Is léiriú ar ár gcreideamh í an urnaí.

Is cineál teacht aniar spioradálta agus ceangail le Dia í an urnaí chomh maith, go háirithe in amanna struis nó má bhíonn imní orainn. Is tríd an urnaí a chaithimid am le Dia agus, agus mar sin, cuirimid doimhneacht leis an gcaidreamh agus tuigimid go bhfuil Dia i gcónaí in éineacht linn.



**Fiosraigh**

1. Cad is brí leis an bhfocal 'creideamh', an dóigh libh?
2. Ar chreid sibhse riamh i rud nach bhféadfaí a fheiceáil nó a thuiscint go hiomlán? Conas mar a mhothaigh a leithéid?
3. Cén fáth go mbaineann tábhacht leis an gcreideamh inár saol?
4. Cad is brí le creideamh i nDia a bheith ag duine?
5. Cén scéal ón mBíobla inar léirigh duine éigin creideamh láidir i nDia? Cad is féidir a fhoghlaim ón dea-shampla seo?
6. Conas mar a léirímid an creideamh i nDia inár ngnáthshaol? (Urnaí/bheith cineálta/roinnt, 7rl.)
7. Cathain a dhéanann sibhse guí? Cad chuige nó cé dóibh a nguíonn sibh?
8. An bhfuil duine ar bith i do shaol a léiríonn an creideamh go láidir? Cad a dhéanann siad a thugann léargas ar an gcreideamh i nDia atá iontu?
9. Nuair a ghuíonn sibh, conas mar a chabhraíonn sé leis an gcreideamh a láidriú? (Labhraímid le Dia. Cabhraíonn sé seo leis an gcairdeas le Dia a chothú.)
10. Cad a chabhraíonn linn an creideamh a láidriú – daoine áirithe, an urnaí, an Bíobla a léamh, rud ar bith eile?

### Gníomhaíocht

(Is féidir ceol ciúin suaimhneach uirlise a sheinm mar chúlra don ghníomhaíocht seo.)

Nuair a bhímid amhrasach, nó faoi imní, buaileann na smaointe aite muid. Is ag an am seo a bhíonn deis againn smaoineamh ar Dhia, agus an sólás, an suaimhneas is an neart a lorg ann.

Mar ghníomhaíocht inniu, beidh Urnaí Taizé á fhiosrú againn. Sula gcuirimid chuige caithfear próca lonrach a dhéanamh.

Na rudaí a bheidh uait:

- Próca beag trédhearcach le claibín air
- Uisce
- Gealra

Líon an próca le huisce go dtí an barr, beagnach. Cuir cuid bheag ghealra isteach ann. Cuir an claibín air agus bí cinnte de nach silfidh sé. Nuair a thagann am urnaí croith an próca agus cuir ar an mbord os do chomhair é.

Nuair a bhíonn buairt orainn, ritheann na smaointe timpeall inár gceann cosúil leis an ngealra croite atá ag gabháil timpeall i ngach aon treo, measctha suas sa phróca. Nuair a mhothaímid mar seo, is féidir ár smaointe agus ár n-urnaí a chur i dtreo Dé.

I dtosach báire, socraítear na coirp go compordach. Suigh siar sa suíochán leis na cosa go socair ar an talamh agus na lámha fillte ar na glúine nó ar an mbord os do chomhair. Glac anáil dhomhain.

Déanfaimid iarracht an intinn a chiúnú. Dún na súile. Bíonn sé deacair na smaointe a ruaigeadh uainn. Bíonn siad ar nós an ghealra atá ag gabháil timpeall agus timpeall. Díreoimid ar rud áirithe a chabhróidh linn an intinn a chiúnú. Bainfimid úsáid as frása ar leith a chuirfidh i gcuimhne dúinn go mbíonn Dia i gcónaí in éineacht linn. Is é an frása ná: ‘A Thiarna, éist le mo ghuí.’

Iarr ar na daltaí an frása a rá in éineacht lena chéile. Déan an frása a athrá go mall ciúin arís is arís. Bíodh na páistí ag suí go deas ciúin agus an frása á athrá acu.

# An Mháirt: Glaoite Chun na Naofachta trí Chairdeas is Grá

'Taispeáin do shlite dom a Thiarna, agus déan do chosáin a mhúineadh dom.' (Salm 25:4)

**Smaoinigh**
Tuigeann na páistí go maith conas mar a spreagann an creideamh muid le gníomhú go grámhar agus le fianaise a thabhairt don saol nuair a tharlaíonn an ghéarchéim (m.sh. an phaindéim). Is féidir linn an naofacht a léiriú trí ghaol maith a bheith againn le daoine, trí bheith cineálta, trí fhreastal a dhéanamh ar riachtanais an duine eile ar bhealach comhbhách cróga.



**Fiosraigh**
Cuir na ceisteanna seo agus pléigh  gníomhartha íobartha agus freastail na linne seo:

- Cad is brí leis an téarma 'freastal' i saol an lae inniu? Tabhair samplaí de na daoine a chabhraíonn leis an bpobal sa dúiche seo.
- Cé hiad na daoine a dhéanann íobairt ar son na sochaí sa lá atá inniu ann (m.sh. tuistí, altraí, misinéirí, comhraiceoirí tine)? Cén íobairt a dhéanann siad ar ár son?
- Conas mar is féidir le páistí cosúil libhse freastal agus íobairtí beaga a dhéanamh ar son an duine eile? Cad iad na bealaí ina bhféadfadh sibhse cabhrú sa bhaile, ar scoil, sa pharóiste?
- Cén duine amuigh sa saol nó luaite ar an nuacht a rinne rud cróga nó cineálta ar son dhaoine eile? Cén fáth go ndearnadar a leithéid, an dóigh leat?
- Conas mar a léiríonn gníomhartha íobartha nó fhreastail an grá, díreach mar a léirigh Íosa é? Cén uair a rinne Íosa freastal nó íobairt ar son dhaoine eile sa Bhíobla?
- Cén fáth go spreagann an creideamh muid chun freastal nó íobairt a dhéanamh agus cabhrú leis an duine eile, fiú nuair a bhíonn a leithéid, deacair go maith? Conas mar a chabhródh Dia agus an urnaí linne a bheith láidir go leor le freastal a dhéanamh ar dhaoine eile?

## Scéal

Roinn an scéal seo leo maidir le Naomh Maximilian Kolbe agus an fhéiníobairt a rinne sé in Auschwitz, leis na leanaí. Thug seisean a bheatha uaidh le príosúnach eile a shábháil ón mbás, i rith an Dara Chogadh Domhanda. D'eascair an grá agus an chrógacht a léirigh sé ón gcreideamh láidir a bhí in Íosa aige.

> I rith an Dara Chogadh Domhanda, cuireadh an sagart cineálta cróga seo Maximilian Kolbe in Auschwitz, campa géibhinn sa Pholainn. Cé go raibh an dólás, an t-ocras agus an scéin le sonrú mórthimpeall air, níor chaill an tAthair Kolbe an creideamh i nDia ná an grá a bhí aige do chách.
>
> Chaith an tAthair Kolbe a chuid ama sa champa ag urnaí agus ag tabhairt sóláis dá chompánaigh. Mheabhraigh sé dóibh go mbíonn Dia linn fiú san áit is measa ar domhan.
>
> Ar an lá áirithe seo theith príosúnach ón gcampa géibhinn, agus theastaigh ó na húdaráis deichniúr fear eile a mharú mar éiric. Scread duine den deichniúr a roghnaíodh, 'Mo bhean! Mo pháistí!' Thit an slua ina dtost.
>
> Is ansin a tharla an t-iontas. Sheas an tAthair Kolbe amach agus ar sé, 'Glacfaidh mise áit an fhir seo. Níl bean chéile ná clann orm. Lig domsa dul ina áit.' Bhí ionadh an domhain ar na gardaí, ach d'aontaíodar leis.
>
> Treoraíodh an tAthair Kolbe agus an naonúr eile isteach i gcillín beag faoi thalamh. Níor tugadh bia ná deoch dóibh. Tar éis tamall fada ní raibh fágtha beo ach an tAthair Kolbe. Cé go raibh a chorp thar a bheith lag, bhí misneach láidir ann. Ag an deireadh, ar an 14 Lúnasa 1941, thug sé a bheatha uaidh, díreach mar a rinne Íosa dúinne.

**Ceisteanna le Plé leis an Rang:**

1. Cén fáth go raibh ar chumas an Athar Maximilian Kolbe a bheith dóchasach, cineálta agus lán den chreideamh, in áit chomh huafásach sin le hAuschwitz? Bígí ag smaoineamh faoin mbealach ina dtugann an creideamh spreagadh agus misneach dúinne, fiú nuair a bhíonn go leor deacrachtaí romhainn.
2. Bhí an tAthair Kolbe sásta bás a fháil in áit an fhir eile. Cad as ar tháinig an chrógacht a bhain leis an eachtra iontach grámhar seo? Cabhraigh leis na daltaí a thuiscint conas mar a spreagfadh an creideamh domhain, gníomhartha iontacha an ghrá.
3. Conas mar is féidir linne an creideamh, an chrógacht is an grá a léiriú inár saol féin – sa bhaile, ar scoil, fiú nuair a bhíonn deacrachtaí le sárú againn?
4. Thug an tAthair Kolbe sólás do na príosúnaigh eile, agus thug sé le fios dóibh go raibh Dia ina measc go fóill. Cén tábhacht a bhaineann le grá Dé a mheabhrú do dhaoine eile, ach go háirithe nuair a bhíonn cúrsaí go dona?
5. Cén cheacht a mhúineann an scéal seo dúinn maidir le saol naofa a chaitheamh – ní trí urnaí amháin ach tríd an mbealach ina ndéileálaimid le daoine eile chomh maith?

## Gníomhaíocht

Paidir Bhuíochais: Cum paidir ar son an té a chabhraigh le daoine eile fiú nuair a bhí deacrachtaí le sárú chun a leithéid a dhéanamh (m.sh., dochtúirí, cúramóirí, an mhuintir).

Tosach na hUrnaí:

- A Thiarna Íosa, guím ar son …
- A Íosa, iarraim ort go …
- Beannaigh, le do thoil …
- A Dhia, gabhaim buíochas leat as …

# An Chéadaoin: Glaoite Chun na Naofachta i Saol an Teaghlaigh (Lá na Seantuismitheoirí)

‘Creideamh dóchas agus grá … ach is é an grá an ní is mó orthusan.’ (1 Cor 13:13)

**Smaoinigh**

Bíonn meas ag na páistí ar an tábhacht a bhaineann leis an gcreideamh idirghlúine. Gabhann siad buíochas as grá agus as fianaise na seantuismitheoirí. Cuirtear an naofacht ar aghaidh ó ghlúin go glúin, léirítear an grá mar fhianaise ar láithreach Dé i measc na muintire.



**Fiosraigh**

1. Cuimhne ar leith atá agam faoi am iontach a chaith mé le mo sheantuismitheoir(í).
2. Rud amháin a d’fhoghlaim mé ó na seantuismitheoirí maidir leis an gcreideamh.

**Rogha Gníomhaíochtaí**

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí:

1. Scríobh litir chuig seantuismitheoir(í) a ghabhann buíochas agus a léiríonn do ghrá.

2. Cuir agallamh ar sheantuismitheoir (nó ar bhall aosta an teaghlaigh). Cuir 3–5 cheist ón liosta thíos agus scríobh síos na freagraí:

    - Cá ndeachaigh tú ar scoil?
    - Cad iad na cluichí a d'imir sibh?
    - Cad iad na hábhair a rinne tú ar scoil?
    - Cén t-ábhar a b'fhearr leat? Cén fáth?
    - Cén chuimhne atá agat faoin gCéad Chomaoin/Cóineartú?
    - Cad é an phaidir ab ansa leat mar pháiste?

3. Scríobh paidir ghearr ar mhaithe leis na seantuismitheoirí: 'A Dhia grámhar, gabhaimid buíochas ...'

# An Déardaoin: Glaoite Chun na Naofachta trí Mhisneach is Freastal

'Bíonn an Tiarna i ngar don lucht coscartha.' (Salm 34:18)

### Smaoinigh

Bronnann an creideamh neart agus crógacht orainn in am an ghátair. Spreagtar muid chun freastal a dhéanamh. Bíonn ar ár gcumas an dúshlán a shárú ar bhealach cróga misniúil toisc go gcuirimid ár muinín i láithreacht Dé nuair a fhulaingímid an chailliúint nó an briseadh croí.



### Fiosraigh

- Smaoinigh ar an mbealach ina gcuirimid cuma an mhisnigh orainn nuair a bhíonn an ghéarchéim ann.
- Cathain a raibh ortsa a bheith cróga nó cuma an mhisnigh a chur ort féin?
- Cad a chabhraigh leat feabhas a chur ort féin agus a bheith dóchasach arís?
- Pléigh an easpa roghanna a bhí ann i rith na dianghlasála. (Gan na cairde nó gaolta áirithe a fheiceáil, gan a bheith saor dul amach i do rogha áit, 7rl.)
- An dtuigeann tú gur féidir leat labhairt le Dia am ar bith – fiú má bhíonn eagla ort, má bhíonn tú brónach nó buartha faoi chúrsaí? Conas mar a chabhródh a leithéid leat?
- Cén urnaí a chuirfeá chun Dé dá mbeifeá buartha nó trína chéile?
- Ar mheas tú riamh go raibh Dia ag cabhrú leat a bheith suaimhneach, cróga, nó sábháilte i do chroí istigh? Conas mar a mhothaigh a leithéid?

### Gníomhaíocht

Is féidir labhairt le Dia am ar bith, ach go háirithe má bhíonn tú brónach nó buartha. Scríobh paidir ghearr ar an mbileog a thabharfar duit  ag iarraidh ar Dhia neart, nó síocháin, nó sólás a bhronnadh ort. Nuair a bhíonn an scríobh agus an maisiú críochnaithe ag cách, iarr ar na daltaí na leathanaigh a fhilleadh agus iad a chur i mbosca nó i gclúdach litreach i spás beannaithe an ranga.

# Mo Ghuí Chun Dé

# An Aoine: Glaoite chun na Naofachta trí Lúcháir is Misean

'Go ndéana Dia an dóchais sibh a líonadh den áthas agus den tsíocháin.'
(Rómh 15:13)



**Smaoinigh**
Aithníonn na paistí an ríméad a bhaineann le bheith mar lucht leanúna Íosa, agus an dóchas a bhaineann leis an gcreideamh, i gcomhthéacs an aiséirí ach go háirithe. Iarrtar orainn maireachtáil go dóchasach, an soiscéal a roinnt, agus freastal go lúcháireach.

**Fiosraigh**
1. Cad is brí le bheith 'dóchasach'?
2. Cad iad na rudaí ba mhaith leatsa a fháil?
3. Cad iad na rudaí a mhúsclaíonn an dóchas ionat?
4. Conas mar is féidir an lúcháir is an dóchas a roinnt le daoine eile sa bhaile nó ar scoil?

## Taighde sa Bhíobla

Tá go leor scéalta an dóchais sa Bhíobla. An scéal is mó dóchais ná an cur síos ar aiséirí Íosa.

Roinn na páistí ina ngrúpaí. Tabhair scéal ón soiscéal do gach aon ghrúpa:

- Matha 28
- Marcas 16
- Lúcás 24

Tabhair go leor ama dóibh an scéal a aimsiú, a léamh agus a phlé. Ansin cuir ceist orthu cur síos a thabhairt don rang ar an méid a tharla sa scéal atá léite acu.

Nuair a bhíonn gach cur síos déanta, léigh an giota seo don rang:

> Is é an scéal faoi aiséirí Íosa an scéal is mó dóchais sa Bhíobla. Tar éis do Íosa bás a fháil ar an gcros, bhí cumha agus eagla ar a chuid cairde. Cheapadar go raibh deireadh le fís Íosa. Trí lá ina dhiaidh sin áfach, tharla an t-iontas. D'éirigh Íosa ó na mairbh. Bhí sé ina bheatha arís.
>
> Léirigh sé seo don saol go raibh:
>
> - Grá Dé níos láidre ná an bás.
> - Gealltanas Íosa á chomhlíonadh aige.
> - Ar chumas Dé an eachtra ba mheasa a leigheas agus rud beo úr a dhéanamh as.
>
> Múineann an t-aiséirí dúinn go mbíonn:
>
> - An dóchas le sonrú i gcónaí, fiú i measc na tubaiste.
> - Ní gá dúinn a bheith eaglach, toisc go bhfuil Dia i gcónaí in éineacht linn.
> - Díreach mar a sháraigh Íosa an bás, is féidir linne ár gcuid dúshláin a shárú le cabhair uaidh.
>
> Má bhímid brónach, buartha nó i bponc, is féidir linn cuimhneamh ar an aiséirí agus a rá: 'Tá Íosa beo. Bíonn sé i gcónaí in éineacht liom. Bíonn an dóchas i gcónaí ar fáil dúinn.'

## Gníomhaíocht

Cros an Dóchais: Beidh bataí líreacán uait, cinn bheaga nó cinn mhóra, gliú agus marcóirí.

1. Leag dhá bhata anuas ar a chéile i bhfoirm croise.
2. Cuir gliú orthu le coimeád greamaithe lena chéile iad.
3. Lig don ghliú triomú.
4. Scríobh 'Gránn Íosa Mé' agus d'ainm ar an tosach.

Lig do na daltaí an cúl a mhaisiú le gealra, seacainí nó cnaipí daite nó a leithéidí, má bhíonn siad ar fáil, más maith leat. Cuir na crosa ar taispeáint sa spás beannaithe.